Éire agus an tSaimbia
Difríocht á Dhéanamh le Chéile
Bileog Oibre 2

- An gcuimhin leat phríomhthosaíochtí Chúnamh Éireann: comhionannas inscne, riachtanas daonna a laghdú, gníomhú ar son na haeráide agus rialachas neartaithe? (Tá sainmhínithe thíos má tá dearmad déanta agat!)

- I bpéirí / grúpaí: Pléigh na samplaí a chonaic tú ar an bhfíseán den obair a dhéanann Cúnamh Éireann le heagraíochtaí comhpháirtíochta sa tSaimbia. Ar an gcairt ar chúl, líon isteach an oiread agus is féidir de na samplaí seo, faoi na ceithre cheannteideal.

- Déan comparáid idir do thorthaí agus torthaí ón rang iomlán. Cé chomh rathúil agus atá clár Chúnamh Éireann sa tSaimbia dar libh?

Ciallaíonn **Comhionannas Inscne** nár cheart go mbeadh tionchar ag inscne ar rochtain ar chearta nó ar dheiseanna. Tá cumhachtú na mban agus na gcailíní an-tábhachtach i ngach réimse den saol.

Chun **riachtanas daonna a laghdú**, ní mór coinne a bheith le géarchéimeanna agus freagairt dóibh chun na daoine is leochailí agus iad siúd atá i mbaol a chosaint.

An rud atá i gceist le **Gníomhú ar son na hAeráide** ná go gcaithfear dul i ngleic leis an athrú aeráide agus cabhrú le daoine leochaileacha dul i dtaithí ar an athrú aeráide.

Is iad córais láidre dlí agus cosaint chearta an duine, gnéithe tábhachtacha den **Rialachas**.

... ag cruthú Domhain níos Fearr